



Uimhir 7 de 2003

An tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2003
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 7 de 2003

**AN tACHT UM CHEADANNA FOSTAÍOCHTA,
2003**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
2. Daoine nach náisiúnaigh iad a fhostú.
3. Gan feidhm a bheith ag *alt 2* maidir le náisiúnaigh de chuid stát áirithe.
4. Gearrtheideal.

[Uimh. 7.] *An tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2003.* [2003.]

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 2002

Acht na nDídeanaithe, 1996

1996, Uimh. 17

An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994

1994, Uimh. 5



Uimhir 7 de 2003

**AN tACHT UM CEADANNA FOSTAÍOCHTA,
2003**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE CEADANNA FOSTAÍOCHTA A DHEONÚ I LEITH DAOINE NACH NÁISIÚNAIGH IAD, DO THOIRMEASC DAOINE NACH NÁISIÚNAIGH IAD AGUS NACH bhFUIL CEADANNA DEN SÓRT SIN ACU A FHOSTÚ, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE CEADANNA DEN SÓRT SIN A DHEONÚ I LEITH NÁISIÚNACH DE CHUID STÁT ÁIRITHE FAOI IMTHOSCA ÁIRITHE AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [10 *Aibreán* 2003]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

- 1.—(1) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— Léiriú.
ciallaíonn “Acht 1994” an tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994;
tá le “conradh fostaíochta” an bhrí a shanntar dó le hAcht 1994;
tá le “fostóir” an bhrí a shanntar dó le hAcht 1994;
ciallaíonn “Aire” an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;
ciallaíonn “duine nach náisiúnach é nó í” duine nach saoránach den Stát.
- (2) San Acht seo—
- (a) déanfar tagairt d’aon achtachán a fhorléiriú, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, mar thagairt don achtachán sin arna leasú nó arna leathnú le haon achtachán dá éis sin nó faoi aon achtachán dá éis sin, lena n-áirítear an tAcht seo,
 - (b) aon tagairt d’alt is tagairt í d’alt den Acht seo mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe, agus
 - (c) aon tagairt d’fho-alt, do mhír nó d’fhómhír is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhómhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe.

Daoine nach náisiúnaigh iad a fhostú.

2.—(1) Aon duine nach náisiúnach é nó í—

(a) ní rachaidh sé nó sí i seirbhís fostóra sa Stát, ná

(b) ní bheidh sé nó sí i bhfostaíocht sa Stát,

ach amháin de réir ceadá fostaíochta arna dheonú ag an Aire (“cead fostaíochta”).

(2) Ní dhéanfaidh duine duine nach náisiúnach é nó í a fhostú sa Stát ach amháin de réir ceadá fostaíochta.

(3) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* nó *(2)* beidh sé nó sí ciontach i gcion agus—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, dlífead fineáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) más cion arb é atá ann sárú ar *fho-alt (2)* an cion, ar é nó í a chiontú ar díotáil, dlífead fineáil nach mó ná €250,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Is cosaint do dhuine a chúiseofar i gcion faoi *fho-alt (3)* arb é atá ann sárú ar *fho-alt (2)* a thaispeáint go ndearna sé nó sí gach beart a bhí ar fáil dó nó di le réasún chun a chinntiú go gcomhlíonfaí *fho-alt (2)*.

(5) Más rud é, ar fhaisnéis faoi mhionn ó chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná sáirsint, gur deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche go bhfuil forais réasúnacha ann chun drochamhras a bheith air nó uirthi go bhfuil fianaise ar chion faoi *fho-alt (3)*, nó i ndáil le cion den sórt sin, le fáil in áit a shonraítear san fhaisnéis, féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint chun an áit sin agus aon daoine a gheofar san áit sin a chuardach.

(6) Údarófar le barántas a eiseofar faoin alt seo do chomhalta ainmnithe den Gharda Síochána, bíodh sé nó sí ina aonar nó ina haonar nó bíodh cibé comhaltaí eile den Gharda Síochána agus cibé daoine eile is gá ina theannta nó ina teannta—

(a) dul isteach, laistigh de 7 lá ó dháta an bharántais, agus trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá, san áit a bheidh ainmnithe sa bharántas,

(b) an áit sin agus aon daoine a gheofar ann a chuardach, agus

(c) aon rud a gheofar ann, nó aon rud a gheofar i scilbh duine a bheidh i láthair ann tráth an chuardaigh, a urghabháil, ar rud é a gcreideann an comhalta sin le réasún gur fianaise é ar chion faoi *fho-alt (3)*.

(7) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a bheidh ag gníomhú de réir barántais arna eisiúint faoin alt seo a cheangal ar aon duine a gheofar san áit ina ndéanfar an cuardach a ainm agus a sheoladh nó a hainm agus a seoladh a thabhairt don chomhalta.

(8) Aon duine—

(a) a chuirfidh bac, nó a fhéachfaidh le bac a chur, ar aon chomhalta den Gharda Síochána a bheidh ag gníomhú de réir barántais arna eisiúint faoi *fho-alt (5)*,

(b) a mhainneoidh nó a dhiúltóidh ceanglas faoin alt seo a chomhlíonadh, nó

(c) a thabharfaidh ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach,

beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(9) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána aon duine a ghabháil gan bharántas i gcás drochamhras réasúnach a bheith ar an gcomhalta go bhfuil cion faoi *fho-alt (8)* déanta ag an duine sin

(10) Níl feidhm ag an alt seo maidir le duine nach náisiúnach é nó í agus—

(a) a bhfuil dearbhú faoi alt 17 d'Acht na nDídeanaithe, 1996 i bhfeidhm ina leith,

(b) atá i dteideal teacht isteach sa Stát de bhun alt 18 nó 24 den Acht sin,

(c) atá i dteideal teacht isteach sa Stát agus a bheith i bhfostaíocht sa Stát de bhun na gconarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha (de réir bhrí Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 2002), nó

(d) a gceadaíonn an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí dó nó di fanacht sa Stát agus atá i bhfostaíocht sa Stát de bhun coinníll den cheadú sin go bhféadfaidh an duine a bheith i bhfostaíocht sa Stát gan cead fostaíochta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.

(11) Le linn don Aire a chinneadh cé na hiarratais ar cheadanna fostaíochta ba cheart a dheonú, tabharfaidh sé nó sí tosaíocht d'iarratais i leith náisiúnach de chuid stáit a bhfuil ordú faoi *alt 3* i bhfeidhm i ndáil leis.

(12) Cúlghairtear Airteagal 4 d'Ordú na nEachtrannach, 1946 (R. agus O.R., Uimh. 395 de 1946).

(13) I gcás cion faoin Acht seo a bheith déanta ag comhlacht corpraithe agus go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, an duine is stiúrtóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(14) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta sin, tá feidhm ag *fo-alt (13)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrtóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

(15) San alt seo, foláionn “áit” aon teaghais nó aon fhoirgneamh nó aon chuid d’fhoirgneamh.

Gan feidhm a bheith ag *alt 2* maidir le náisiúnaigh de chuid stát áirithe.

3.—(1) I dteannta na ndaoine nach bhfuil feidhm, de bhua *fho-alt (10) d’alt 2*, ag an alt sin maidir leo, ní bheidh feidhm, faoi réir *fho-alt (3)*, ag an alt sin maidir le náisiúnach de chuid stáit a bhfuil feidhm ag an alt seo maidir leis más rud é—

(a) go dtiocfaidh an stát sin chun bheith ina bhall den Aontas Eorpach tar éis an tAcht seo a rith, agus

(b) nach bhfuil feidhm maidir leis an stát sin, de réir an Chonartha Aontachais, ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Chomhphobal¹.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis na stáit seo a leanas, eadhon, Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice.

(3) Más é tuairim an Aire go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh, suaitheadh sa mhargadh saothair, ansin, d’ainneoin *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire, le linn na hidirthréimhse, ordú a dhéanamh á fhoráil go mbeidh feidhm ag *alt 2* maidir le náisiúnach de chuid stáit lena mbaineann an t-alt seo le linn tréimhse sonraithe nó tréimhsí sonraithe laistigh den idirthréimhse, agus má dhéanann sé nó sí amhlaidh, beidh feidhm ag an alt sin de réir an ordaithe.

(4) Ní bheidh feidhm ag ordú faoin alt seo maidir le náisiúnach de chuid stáit a bheidh sonraithe san ordú más rud é go raibh an duine sin i bhfostaíocht sa Stát ar feadh tréimhse nach giorra ná 6 seachtaine díreach roimh thosach feidhme an ordaithe agus go raibh luach saothair á fháil aige nó aici as an bhfostaíocht sin.

(5) Féadfaidh an tAire, le hordú, ordú faoin alt seo a leasú nó a chúlghairm.

(6) San alt seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

déanfar “suaitheadh” a fhorléiriú de réir an Chonartha Aontachais;

déanfar “margadh saothair” a fhorléiriú de réir an Chonartha Aontachais;

déanfar “idirthréimhse”, i ndáil le stát lena mbaineann an t-alt seo, a fhorléiriú de réir an Chonartha Aontachais;

ciallaíonn “Conradh Aontachais” aon chonradh idir Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Éire, Poblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (Ballstáit an Aontais Eorpaigh) agus Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cípire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice i dtaobh aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na

¹ I.O. Uimh. L257, 19.10.68, lch 2

Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach.

4.—Féadfar an tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2003 a ghairm den Gearrtheideal. Acht seo.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27



9 781399 308205